Aonad 5

# moChúrsaí

## Cásanna



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Cás 1 – Cláraigh an Chéad Phost

Tá obair shamhraidh ag Finn mar bháicéir i mbácús áitiúil. Ós rud é gurb é seo a chéad phost, is gá dó clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim anois.

Dúirt an fostóir leis go bhfuil seans ann go mbeidh obair pháirtaimseartha / lánaimseartha ar fáil ó Mheán Fómhair go dtí deireadh na bliana.

Tá sé ar intinn ag Finn tosú ar phrintíseacht nó dul go dtí an coláiste i mí Mheán Fómhair agus tá na huaireanta páirtaimseartha oiriúnach dá sceideal reatha.

Tosóidh Finn ag obair ar an 15 Meitheamh 2022 agus íocfar go seachtainiúil é.

**Ainm:** Finn O'Connell
**UPSP:** 1830101EA
**Dáta Breithe:** 01/01/2006
**Pasfhocal:** 2fBSD02€

**Uimhir Chlárúcháin an Fhostóra:** 1839990OA
**Dáta Tosaigh:** 15/06/2023
**Minicíocht íocaíochta:** Seachtainiúil
**Gaolta le stiúrthóir dílseánaigh:** Níl
**Teideal an phoist:** Báicéir
**Cónaitheacht:** Rugadh Finn i bPoblacht na hÉireann agus tá a shaol ar fad caite aige ina chónaí in Éirinn.
**Díolúine ó MSU:** Tá Finn ag súil le níos lú ná 13,000 a thuilleamh

## Cás 2 – Nuashonraigh do Shonraí Pearsanta

Bhog Finn go teach nua le déanaí agus ba mhaith leis a sheoladh a nuashonrú ar a chuntas leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**Ainm:** Finn O'Connell
**UPSP:** 1830101EA
**Dáta Breithe:** 01/01/2006
**Pasfhocal:** 2fBSD02€
**Seoladh Nua:** 100 Sráid na Cearnóige, Bóthar an Chiorcail, Luimneach.

| Cás 3 – Conas teacht ar Dhoiciméid in moChúrsaí |
| --- |
| Tá cinneadh déanta ag Finn bliain a thógáil amach tar éis na scoile agus oibriú go lánaimseartha sa bhácús. Oibríonn sé amach go tapa an méid airgid a thuillfidh sé go dtí deireadh na bliana agus tuigeann sé go bhfuil seans ann go mbeidh sé os cionn €13,000. Má thuilleann sé os cionn €13,000, beidh sé seo os cionn theorainn na díolúine ó thaobh MSU a íoc.<br><br>Chun fáil amach ar cuireadh an Díolúine MSU i bhfeidhm, socraíonn Finn a Chreidmheas Cánach a sheiceáil, eisíodh é i mí an Mheithimh agus tá sé stóráilte laistigh de Mo Chuid Doiciméad. |
| **Ainm:** Finn O'Connell<br>**UPSP:** 1830101EA<br>**Dáta Breithe:** 01/01/2006<br>**Pasfhocal:** 2fBSD02€ |

| Cás 4 – Tíolaic fiosrúchán trí M'Fhiosruithe |
| --- |
| Cuireann Finn fiosrúchán isteach chun an díolúine MSU a bhaint mar go gceapann sé go dtuillfidh sé níos mó ná €13,000 má oibríonn sé go lánaimseartha mar atá beartaithe. |
| **Ainm:** Finn O'Connell<br>**UPSP:** 1830101EA<br>**Dáta Breithe:** 01/01/2006<br>**Pasfhocal:** 2fBSD02€<br>**Ríomhphost:** test@test.ie |

| Cás 5 – Aisíocaíochtaí Dífhostaíochta a Éileamh |
| --- |
| Tá cinneadh déanta ag Zuzanna bogadh thar lear ar feadh bliana chun roinnt ama a chaitheamh lena seantuismitheoirí agus chun a cuid scileanna teanga a fheabhsú. Fágfaidh sí Éire ar an 1 Samhain 2022. Ní bheidh sí ag obair thar lear agus ba mhaith léi aisíocaíocht dífhostaíochta a éileamh. |
| **Ainm:** Zuzanna Lewandowski<br>**Dáta Breithe:** 01/01/2005<br>**UPSP:** 1830106OA<br>**Pasfhocal:** 20Sp&eB22<br><br>**An chúis le d'éileamh:** Ag dul thar lear<br>**Dáta imeachta:** 01/11/2023<br>**Tréimhse fanachta thar lear:** 1 bhliain<br>**An mbeidh tú ag obair thar lear:** Ní bheidh<br>**Sonraí Bainc:** **BIC:** IPBSIE2D **IBAN:** IE47IPBS99062012345678 |

| Cás 6 – Cuir Isteach Tuairisceán Cánach Ioncaim |
| --- |
| Tar éis di 'Aisíocaíocht Dífhostaíochta' a chur isteach le haghaidh 2023, socraíonn Zuzanna gur mian léi a chinntiú go bhfuil a cuid cúrsaí cánach cothrom le dáta. Chun é seo a dhéanamh, socraíonn sí tuairisceán Cánach Ioncaim a chur isteach do 2022. |
| **Ainm:** Zuzanna Lewandowski<br>**UPSP:** 1830106OA<br>**Dáta Breithe:** 01/01/2005<br>**Pasfhocal:** 20Sp&eB22<br><br>**Cónaitheacht:** Rugadh Zuzanna i bPoblacht na hÉireann agus tá cónaí uirthi in Éirinn ó rugadh í.<br>**Sonraí bainc:** **BIC:** IPBSIE2D **IBAN:** IE47IPBS99062012345678<br>**Ioncam:** Ba é an t-aon ioncam a bhí ag Zuzanna ná ón bhfostaíocht atá ar an taifead<br>**Creidmheasanna cánach:** Tá Zuzanna i dteideal an Chreidmheasa Cánach Fostaí agus an Chreidmheasa Cánach Pearsanta araon |